

# ❖ An Lúibín ❖

16 Márta 2022

## Gan slánú

*Every year, the decline of the Gaeltacht is lamented and ways to revive it are discussed. There is a profound reluctance to admit that the decline is irreversible and that the Gaeltacht may now be irrelevant to the future of the language.*

Deireadh na Gaeltachta deireadh na teanga: buntuirim a nglacann a lán daoine léi agus barúil acu gur gá dlúthphobal teanga a bheith ann chun an teanga féin a chothú agus a thabhairt slán. I gcás na Gaeltachta tá deacrachtaí ann: tá an Ghaeilge ag meath ann le blianta fada, tá Béarla ar a dtail fiú ag na cainteoirí Gaeilge is líofa, tá an Béarla in uachtar i measc na glúine is óige. Is léir nach féidir cúlú na Gaeilge a bhacadh ag an bpointe seo; níl an mhais chriticiúil ann.

Mar sin féin, bíonn ailt á scríobh ag daoine a fheiceann an teanga ag leá uathu sa Ghaeltacht agus iad ag tnúth le slat draíochta a chuirfeadh an Ghaeilge ar a seanléim arís. Sampla maith an t-alt a scríobh Conchúr Ó Giollagáin do *Tuairisc.ie* (Márta 10, 2022): 'Tá sé in am deireadh a chur leis an neamhghníomh atá ag marú na Gaeltachta'.<sup>1</sup> Ar nós na coda eile, tá an-mhuinín aige as 'pobal' mionteanga, agus tá liosta aige de na rudaí a chaithear a dhéanamh, mar a leanas:

dlúthphobal cainteoirí a neartú i limistéir ar leith;  
an teanga a thabhairt don ghlúin óg atá ag teacht in inmhe;  
oilíúint a chur ar an nglúin óg chun go mbeidís ina 'mionteangóirí cumasacha';  
an dream óg a ghríosú chun an teanga a chleachtadh ina measc féin;  
brí agus beogacht a chothú i measc chainteoirí na teanga;  
beartais a chur i bhfeidhm a thugann buntáistí eacnamaíochta do chainteoirí Gaeilge.

Ní bhfaighfeá locht ar an méid sin ann féin. Ach is deacair a áitiú go bhfuil na moltaí sin in ann an Ghaeltacht a shlánú mar phobal teanga anois, agus, níos tábhachtaí, go bhfuil gá lena leithéid de phobal chun an teanga a choinneáil beo. Admhaítear go bhfuil formhór na gcainteoirí líofa le fáil sna cathracha, go háirithe i mBaile Átha Cliath; líonraí seachas pobail (ach amháin i mBéal Feirste Thiar) agus beogacht iontu. B'fhéarr do na líonraí a bheith ina bpobail, ach níor tharla sin fós: sin cnámh agat agus cuir féin feoil air.

Tá bunús le habairt ghonta de chuid Victoria Woods in *The Independent*: 'A century after the foundation of the State, the Irish language is alive in ways which are both beyond the wildest dreams and the worst nightmares of its founders.'<sup>2</sup> Bhí súil ag na bunaitheoirí sin le Gaeltacht láidir agus le slua cainteoirí sna bailte móra agus sna cathracha: ag breathnú siar dúinn, is léir go raibh an Ghaeltacht rólag cheana. Níor shamhlaigh na bunaitheoirí go bhféadfadh líonraí láidre cathrach a bheith ann mura raibh neart cainteoirí traidisiúnta ann. Mar a tharla, d'éirigh le gníomhaithe cathrach a réimse féin a bhunú. Tá Gaeilge nua ann, teanga a oireann d'aimsir nua.

Mar sin féin, leanfaidh daoine orthu ag scríobh faoin nGaeltacht (pé leagan di atá beo ina n-intinn féin), ag caoineadh ar cailleadh agus ag éileamh leighis. Tuigimid dóibh. Ní rud gan luach í an Ghaeltacht, mar a bhí nó mar atá. Ach is mithid scéal eile a tharraingt anuas.



## Sceir Ningaloo

Tá dhá cnuasach filíochta curtha amach ag Julie Breathnach-Banwait (*Dánta Póca*, Coiscéim 2020, agus *Ar Thóir Gach Ní*, Coiscéim 2022). As Ceantar na nOileán i gConamara di agus a rian sin ar a gcanúint. Í ina cónaí san

<sup>1</sup> <https://tuairisc.ie/ta-se-in-am-deireadh-a-chur-leis-an-neamhghníomh-ata-ag-maru-na-gaeltachta/>

<sup>2</sup> <https://www.independent.ie/life/the-new-gaeilgeoirs-forecasts-of-the-irish-languages-demise-are-greatly-exaggerated-41264786.html>

Astráil Thiar lena cúram le blianta fada. Í ar an mbeagán atá ag cur le litríocht na Gaeilge san Astráil, agus blas na tíre ar chuid dá saothar. Ag seo prósdán dá cuid. (Féach dán léi ag bun na nualitreach seo chomh maith.)

*Sciorraim amach as an swag canbháis, cónra chiúin na hoíche. Caochann gathanna gréine. Marbhán na maidine mar mheáchan. Ionsaíonn na cuileoga, ag sléacht na súl - mar mhac tíre ag ionsaí conablach fia - ar thóir fliucháin. Beannaíonn deora allais na hoíche d'úr-allas na maidine. Bricfeasta.*

*Réitíonn an chraiceann den chath cosanta á chrua féin. Solas ag iomrascáil le imreasc súl. Buann nádúr. Uachtar á smearadh. Déanaim leipreach chaoch isteach sa ríf. Fuarú. Faoiseamh.*

*Cathair crústaí coiréil cruthaithe faoi chos. Foraois fhiáin fheamainneach faoin bhfarraige, beo agus básaithe, Atlantis na mara fúm sínte mar chairpéad corrach. I bhfolach is ar seó. Déanaim fíochán trína cuid sráideanna, cúng is sean. Comúin éisc is creatúirí dathannacha ag lúbarnaíl is ag sleamhnú thar a chéile mar chomaitéir traenach lán le dualgais, deifir is díogras. Bléideanna scolbacha ag sá amach romham, do mo bhagairt lena gcuid imill shábhach bhorrach. 'Mo ghlaoch chun a gcontúirt a bhlaiseadh. Déanaim scimeáil tríothu le muintín bhréagach is rithim m'anail 'mo threorú. Pléascann an ciúnas mo chluasa, an gaiseadh isteach, ardtú an chliabhach, an brú amach, is gach ceann 'mo cheansú, 'mo chothromú. Craiceann uisce ag ardú is ag socrú sa masc ag bá na súl is an salann á ndó. Ar thaobh na cathrach tá cnocáin is gleannta sínte romhan mar bhrúchtadh bolcáin faoin tuath.*

*Déanann stumpa turtar sleamhnú tharam, crua shliogach, go fuarálach, slogtar abhaile é le treoir go dorchadas tóin poill ar nós mar go raibh a fhios aige an bealach abhaile. Tarraingítear cairpéad crua craicinn coiréil trasna mo chos, ag slisní mo ghlúine, á hoscailt mar cháca le bolg leathbhruite. Léann an fhuil dhearg uaim, mar lochán dearg thríd an fharráige, go luaineach ag taisteal ina slaodanna tiubha is tanaí mar abhainn veilbhít ag rith thríd an gcathair chrústach. Dúch dearg ag scinneadh tharam mar scairfeanna síoda ligthe le gaoth. Sleamhnaíonn roc ga nimhe fúm, deireann cor a shúil nach mbainim leo anseo, gur le farraigí fuara mé. Gur le slata mara, feamainn bhoilgneach, carraigín is creathnach mé. Táim árdaithe ón gceannchathair isteach sa mbád i gclabhta laigeacht is lúcháir.*



## Fonóta: an Úcráin (2)

*It might seem incredible that in the 'new' Europe there is a war between two European states. (Wars are things that happen elsewhere.) The destruction has been great and the deaths numerous, but there has been a tendency to romanticise and simplify.*

Ar an iargúil amháin a thiteann cogaí amach anois, dar linn (i.e. i dtíortha nach iad do thír féin iad, más Meiriceánach nó Ceanadach nó Briotanach nó Astrálach thú). Is deacair a chreidiúint, mar sin, go mbeadh dhá thír Eorpacha ag dul in adharca a chéile sa saol atá anois ann. Cinnte, bhí cogadh fíochmhar fuilteach ann san iar-Iúsláive sna 1990idí, ach bhí cúiseanna ar leith leis sin. Níl tír á scoilteadh ar an dóigh sin sa chás seo.

Tá an Úcráin ar na tíortha is boichte san Eoraip. Tá rian na camastaíola agus na caimiléireachta uirthi i gcónaí, cé gur gheall an tUachtarán Zelensky an fhadhb sin a fhuascailt. In 2013 rinne an tUachtarán a bhí ann roimhe sin, Viktor Yanukovich, iarracht ar an ngeilleagar a cheangal níos dlúithe leis an Rúis. Bhí léirsithe ann agus tháinig Zelensky in áit Yanukovich. Ina dhiaidh sin dhruid an Úcráin i leith an Iarthair.

Idir an dá linn, bhain an Ruis an Chrimé, réigiún a bhfuil tábhacht straitéiseach leis, den Úcráin, agus bhunaigh scarúnaithe dhá 'phoblacht,' Donetsk agus Luhansk, in Donbas in oirthear na hÚcráine, le cúnaimh na Rúise. Thosaigh cogadh áitiúil dá bharr; maraíodh nó leonadh a lán daoine agus scriosadh tithe: timpeall 14,000 marbh, os cionn milliún éalaithe. Rinneadh dhá chomhaontú (comhaontuithe Minsk) chun an scéal a réiteach: chlis an chéad cheann, ach bhí toradh éigin ar an dara ceann in 2015. Socraíodh go mbeadh sos troda ann, go dtabharfaí na gunnaí móra siar ón bhfronta, go scaoilfí príosúnaigh saor, agus go mbronnfaí féinrialtas ar an dá 'phoblacht'. Ar an droch-uair, níor cuireadh na moltaí seo i bhfeidhm go hiomlán agus lean an troid. Mar a tharla, thug an Rúis aitheantas do phoblachtaí Donbas ar an 22 Feabhra 2022.

Ní bheadh an cogadh mór ann murach an cogadh beag úd. Deir rialtas na Rúise go bhfuil sé sásta an cogadh mór a chríochnú ar choinníollacha áirithe. I measc rudaí eile, caithfidh an Úcráin a neodracht féin a fhógairt, foráil fhrith-NATO a chur sa bhunreacht, agus an dá phoblacht scarúnacha a ligean uaithi. B'fhéidir gur margadh é ab fhiú do rialtas na hÚcráine a chíoradh i ndáiríre, ach tá na hÚcránaigh righnithe ag an gcogadh anois. Fiú dá n-éireadh leis an Rúis smacht a fháil ar chuid mhaith den Úcráin (rud is féidir léi a dhéanamh), is dócha go mbeadh ceannairc ar siúl i gcónaí.

Tá iarbhas an Chogaidh Fhuair ar an scéal ar an dá thaobh. Mar a dúradh ar *An Lúibín* cheana, ní arracht é Putin ach duine a bhfuil rian dúr a oiliúna air. Is léir gur beag muinín atá aige as an Iarthar. Creideann ceannairí na Rúise sa *realpolitik*, ach tá colg agus inní orthu chomh maith. Is deacair don aigne smacht a chur ar chroí corraithe.

Tá scéal an ionraidh cíortha agus athchíortha ag iriseoirí agus eile, agus aithnítear nach ndearna na fórsaí Rúiseacha ullmhú a ndóthain. Easpa faisnéise agus soláthair orthu, é ag teip orthu oibriú as lámha a chéile. Ní raibh súil acu le cogadh; bheadh fáilte rompu san Úcráin, chuirfí rialtas nua i réim, agus sin sin. A mhalairt a tharla. Ach tá bearna déanta ag na Rúisigh agus fónamh á bhaint acu as an mbombardú.<sup>3</sup>

Tá an t-ádh leis an Uachtarán Zelensky, ar shlí. Aoibh na ndaoine á cailleadh aige roimhe seo agus ainm na siléigeachta air, ach tháinig an cogadh agus rinne sé beart de réir na hócáide.

Is deacair an laochrú agus an rómánsaíocht a scaradh amach ó fhíorscéal an chogaidh. Tá misneach agus crá ann gan amhras, agus is dócha go bhfuil bunús le cuid mhaith de na tuairiscí, cé go bhfuil raiméis agus bréaga ann chomh maith. Tá Patrick Gathara, tráchtair de chuid Al Jazeera, orthu siúd a bhfuil dearcadh neamhrómánsach acu; ní chloistear, a deir sé, ach aon scéal amháin, cé nach n-aontódh cách leis:

The problem with a single story is not that it is necessarily false. Many of the media reports coming out of Ukraine are true. However, they ignore complexity and doing that distorts rather than explains the world, its conflicts and its contradictions. The media's attempts to establish a single story of the conflict are about power, not truth. That's why I find the coverage so disturbing. The reports are not news. They are morality tales posing as the news.<sup>4</sup>

Níl an tuairim sin gan fírinne, agus tá claonadh le fáil i nuacht ar bith. Ní mór na tuairiscí a scagadh chun teacht ar chastacht an scéil. Agus is deacair féachaint ar phictiúir an chogaidh gan ligean dóibh dul i bhfeidhm ort.

Deirtear gurb í an teicneolaíocht chumarsáide is cúis, mórán, le léiriú an chogaidh. Tá fáil éasca ar an Idirlíon san Úcráin agus is iomaí duine a bhfuil fón cliste acu, rud a fhágann go bhfuil na fiseáin agus eile ag teacht go tiubh, gan trácht ar na dróin. Ní hionann sin agus an scéal sa tSiria, san Iaráic agus san Afganastáin, nó in Tigray na hAetóipe, áiteanna a ndearnadh gníomhartha uafáis ach nach bhfuil na háiseanna céanna le fáil ann. Ar a laghad, tugann tuairiscí ón Úcráin léargas an-ghlé dúinn ar an ainnis agus ar an anbhá a tharraingíonn cogadh ar bith. Ach ná déanamis dearmad ar thíortha eile, san Mheánoirthear nó san Afraic, ina ndearnadh scrios agus sléacht, agus cuid de níos measa ná ar tharla san Úcráin go dtí seo.

Is cinnte, ar aon nós, go bhfuil cogadh amháin cailte ag an Uasal Putin agus ag a chairde amuigh sa saol mór: cogadh na bolscaireachta. Feicimid na teifigh, na fothracha, na coirp. Scéal eile atá ann taobh istigh den Rúis, áit a deir na meáin nach bhfuil cogadh ar bith ann. Dúirt anailísí Rúiseach go bhfuil 30% den phobal i gcoinne an chogaidh, go bhfuil 30% ag taobhú le Putin, agus gur cuma leis an gcuid eile. Is iad an dream óg, agus iad oilte ar úsáid an Idirlín, is mó atá amhrasach faoin leagan oifigiúil; tá claonadh ag daoine níos sine chun dul i muinín na teilifíse, áit a bhfeiceann siad 'náisiúnaithe Úcránacha' ag scriosadh a gcathracha féin.

Tá cuntas Gaeilge ar an scéal ag Úcránach agus ag Rúiseach le fáil anseo:

<https://www.rte.ie/radio/podcasts/22071145-tus-aite-cogadh-na-hucraire-teifigh-arm-agus-e/>  
Nadia Dobrianski, bainisteoir tionscnaimh le hIonad Cearta Daonna ZMINA i gCív

<https://soundcloud.com/rnl/agallamh-vitaly-kovalchuk>  
Vitaly Kovalchuk sa Rúis (Raidió na Life)

Agus féach Máire Ní Nuadháin, 'Cé mar atá cúrsaí cogaíochta ag cur isteach ar phobal na hÚcráine?':  
<https://tuairisc.ie/ce-mar-ata-cursai-cogaiochta-ag-cur-isteach-ar-phobal-na-hucraire/>



### **An tuarascáil agus an tubaiste**

*The report of the Intergovernmental Panel on Climate Change has been well publicised. To know is one thing, to act another.*

<sup>3</sup> Jeremy Bowen, BBC News, KYiv : <https://www.bbc.com/news/world-europe-60631433>.

<sup>4</sup> <https://www.aljazeera.com/opinions/2022/3/9/on-the-ukrainian-david-and-the-russian-goliath>

Tá tuarascáil an Phainéil Idir-Rialtasaigh ar an Athrú Aeráide tar éis teacht amach, agus is beag scéala ann nach raibh eolas air cheana: ach cuireann sé séala údarásach ar an eolas sin. Is é toradh coitianta an taighde a rinne slua eolaithe é, agus ní féidir anois an tubaiste a shéanadh ná a sheachaint. Ní foláir dúinne, an cine daonna, sinn féin a chur in oiriúint dá bhfuil ag teacht sa mhullach orainn. Is féidir é a dhéanamh, ach is mór a chaillfear.

Bhí an teocht ar dhromchla an domhain 1.09C níos airde idir 2011 agus 2020 ná mar a bhí idir 1850 agus 1900, agus bhí na cúig bliana a chuaigh thart ar na blianta ba theo ó 1850 i leith. Mhéadaigh ardú na farraige faoi thrí i gcomparáid leis an tréimhse 1901-1971. Ar éigean atá aon amhras ann gurb é an gníomhú daonna is cúis le cúlú na n-oighearshruthanna ó na 1990idí agus laghdú an oighir mhara. Déantar tagairt do ghéarú an teasa agus do laghdú an fhuachta.

Na hathruithe atá ag titim amach anois ní féidir iad a réiteach go ceann na gcéadta nó na mílte bliain, más féidir réiteach ar bith a dhéanamh. Leanfaidh ar na farraigí ag éirí níos teo agus níos aicídí, agus leanfaidh ar na hoighearshruthanna ag leá. B'fhéidir go n-ardódh an fharraige dhá mhéadar faoi dheireadh na haoise seo.

Beidh timpeall 40% de dhaonra an domhain thíos go mór le drochthoradh an téimh dhomhanda. San Afraic caillfear timpeall 30% den talamh arbhair agus 50% den talamh pónairí. Tá áiteanna i dtíortha éagsúla mar a bhfuil an gaineamhlach ag teacht go tréan, mar a rachaidh aibhneacha i dtriomacht, mar a mbeidh an brothall chomh mór sin nach féidir le daoine maireachtáil ann (tuaisceart na hAstráile, cuid den Áise).

Fiú sna dtíortha saibhre níl ullmhú ceart déanta roimh an gcontúirt; níl pleanáil déanta, níl machnamh déanta ar na bealaí is seiftiúla chun dul i ngleic lena bhfuil le teacht. Sin nádúr an duine: baohdhóchas agus dearmad.

**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).**

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).*

**Dán le Julie Breathnach-Banwait.**

**Dhá phort**

Canann an t-éan seo  
dhá phort  
ceann i dteanga rúnda  
gan fios ag mórán  
ó iochtar a putóga

Ceann don domhan mór  
ach ó bharr  
a béil amháin.

**Dánta le Colin Ryan.**

**Deisiú**

Rinne siad deisiú  
ach lean ar na tithe ag titim  
na díonta ag ligean  
mhírún na spéire isteach  
na hurláir ag nochtadh  
uaigheanna seanchogaidh:

chuir siad i leataobh  
an sábh is an casúr  
is d'ímigh rompu gan filleadh  
trí dhoras nár dhoras é  
ach cuimhne

**Triúr**

An cat faoin gcláí  
an t-éan ina scáil  
ina shúile

an t-éan ina scáth  
in airde  
ar éadan gealaí

an cailín ar fán  
faoin ngealach  
ag ól na hoíche